Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Bealtaine 2024**
**(OR. en)**

**9690/24**

**CO EUR-PREP 13**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cruinniú den Chomhairle Eorpach (27 agus 28 Meitheamh 2024) – Dréacht-Chlár Oibre anótáilte |

*I gcomhréir le hAirteagal 3(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle Eorpaí, tá Uachtarán na Comhairle Eorpaí, i ndlúthchomhar leis an gcomhalta den Chomhairle Eorpach atá mar ionadaí don Bhallstát a bhfuil Uachtaránacht leathbhliantúil na Comhairle aige agus le hUachtarán an Choimisiúin, le dréachtchlár oibre anótáilte a chur faoi bhráid na Comhairle Gnóthaí Ginearálta.*

*Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an dréachtchlár oibre anótáilte a thíolaic Uachtarán na Comhairle Eorpaí, ina leagtar amach na príomhábhair a dtabharfaidh an Chomhairle Eorpach aghaidh orthu ag an gcruinniú thuas, mar a mheastar.*

*I bhfianaise an phlé deiridh a bheidh ag an gComhairle Gnóthaí Ginearálta laistigh de chúig lá roimh an gcruinniú den Chomhairle Eorpach, tá Uachtarán na Comhairle Eorpaí leis an gclár oibre sealadach a dhréachtú.*

## I. AN ÚCRÁIN

Tabharfaidh an Chomhairle Eorpach aghaidh ar gach gné de chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Pléifidh sí tacaíocht chuimsitheach an Aontais don Úcráin agus do mhuintir na hÚcráine.

## II. SLÁNDÁIL AGUS COSAINT

Fillfidh an Chomhairle Eorpach ar cheist na slándála agus na cosanta, lena n-áirítear an gá le hullmhacht agus cumais fhoriomlána cosanta na hEorpa a mhéadú agus an bonn teicneolaíoch agus tionsclaíoch cosanta a neartú a thuilleadh. Sa chomhthéacs sin, déanfaidh sí athbhreithniú ar an dul chun cinn atá déanta maidir le roghanna chun cistiú breise a shlógadh do thionscal cosanta na hEorpa.

## III. IOMAÍOCHAS

Mar obair leantach ar na conclúidí uaithi i mí Aibreáin 2024, fillfidh an Chomhairle Eorpach ar Aontas na Margaí Caipitil agus déanfaidh sí athbhreithniú ar an dul chun cinn atá déanta maidir le gníomhaíochtaí chun iomaíochas an Aontais a fheabhsú, a athléimneacht eacnamaíoch a dhaingniú agus acmhainneacht iomlán an Mhargaidh Aonair a bhaint amach.

## IV. CAIDREAMH SEACHTRACH

I bhfianaise a dtarlóidh, d'fhéadfadh sé go dtabharfaidh an Chomhairle Eorpach aghaidh ar shaincheisteanna sonracha a bhaineann leis an mbeartas eachtrach, lena n-áirítear an staid sa Mheán Oirthear.

## V. AN CHÉAD TIMTHRIALL INSTITIÚIDEACH EILE

Glacfaidh an Chomhairle Eorpach Clár Oibre Straitéiseach 2024-2029 agus conclúidí maidir le treochlár don obair a dhéanfar amach anseo ar athchóirithe inmheánacha. Tabharfaidh sí aghaidh freisin ar na ceapacháin don chéad timthriall institiúideach eile.